**Central Statistics Office**
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 10 - Míchumas agus Cúramaithe

### 8.3% den daonra faoi mhíchumas

Tá fadhb leanúnach sláinte nó míchumas ar bheagnach 324,000 daoine, is ionann sin agus 8.3% den daonra iomlán, bunaithe ar na freagraí a tugadh ar dhá cheist nua a cuireadh don chéad uair i ndaonáireamh 2002. Bhí tuairim agus 188,000 (58.1%) de na daoine seo a raibh faoi níos mó ná míchumas amháin.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2002, Imleabhar 10 – Míchumas agus Cúramaithe, a thugann tuilleadh miontorthaí ar an daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tá torthaí ar fáil sa tuairisc seo a bhaineann le míchumas agus le cúramaithe a chlúdaíonn na príomhábhair dhéimeagrafacha agus socheacnamaíocha a cuireadh san áireamh sa daonáireamh (féach nóta an Eagarthóra).

Bhí níos mó ban faoi mhíchumas ná fir (8.7% i gcomparáid le 7.8%) agus, gan aon iontas, bhain an cheist seo le haois – bhí beagnach dhá thrian de na daoine a bhí faoi mhíchumas 50 bliana d'aois nó níos sine.

### An ráta ba lú míchumais i bFine Gall

Bhí tionchar ag struchtúr aoise ar rátaí míchumais de réir contae, bhí éagsúlacht ann ón gcéatadán ard de 11.5% i gCathair Luimní go dtí céatadán íseal de 6.1% i bhFine Gall. Bhí níos lú daoine faoi mhíchumas sna ceantair tuaithe i gcomhréir leis na ceantair uirbeacha (8% i gcomparáid le 8.5%).

De na bailte le daonra de 1,500 nó níos mó daoine sa bhliain 2002, ba i bPortrane (31.6%), i mBaile Mhic Andáin (18.3%), sa Chaisleán Riabhach (17.3%), i gCill Rois (17.2%) agus i mBéal Átha na Slua (15.4%) a bhí líon na gcásanna ba mhó de dhaoine faoi mhícumas curtha san áireamh. Bhí mór ionaid chomhchoiteanna ag freastal ar sheandaoine nó ar dhaoine faoi mhíchumas sna bailte sin ar fad.

### Rannpháirtíocht íseal sa lucht oibre i measc daoine faoi mhíchumas

38.4% de fhir faoi mhíchumas san aoisghrúpa idir 15-64 bliana d'aois a bhí sa lucht oibre i gcomparáid le 78.2% de fhir don daonra ginearálta. B'iad 24.8% agus 55.4% na figiúirí sin i measc na mban.

De réir torthaí daonáirimh 2002 b'ionann agus 2.6% den lucht oibre daoine san aoisghrúpa idir 15-64 bliana a bhí faoi mhíchumas.

### Ráta níos airde daoine faoi mhíchumas i measc daoine gan aon scileanna

Bhí an ráta b'airde daoine faoi mhíchumas (11.4%) sa ghrúpa socheacnamaíoch a bhain le daoine "gan scileanna" agus ina dhiaidh sin bhí oibrithe talmhaíochta (10.5%). Bhí an ráta míchumais ba lú ag lucht proifisiúnta sna réimsí b'airde (3.7%) agus ina dhiaidh sin bhí fostóirí agus bainisteoirí (4.1%).

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Cónaíonn duine as gach cúigear faoi mhíchumas ina (h)aonar**

Bhí duine as gach cúigear den 280,000 daoine le fadhb leanúnach sláinte nó a bhí faoi mhíchumas a chónaíonn i líonta príobháideacha tí ina c(h)ónaí ina (h)aonar sa bhliain 2002. Duine as gach triúr an ráta dá réir do dhaoine a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine.

**Ráta ard míchumais i dtithe altranais**

Den 107,700 daoine a cuireadh san áireamh in ionaid chomhchoiteanna oíche an daonáirimh, bhí fadhb leanúnach sláinte nó míchumas ar 36,200 (33.6%) díobh. Do na daoine a cuireadh san áireamh i dtithe altranais duine as gach cúigear a bhí i gceist.

**Tá beagnach 149,000 cúramaithe ann**

Thug beagnach 149,000 daoine a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine le fios (4.8% den iomlán) go gcuireann siad cúnamh pearsanta rialta gan phá ar fáil do chara nó do bhall den teaghlach le tinneas fadtéarmach, le fadhb sláinte nó a bhí faoi mhíchumas i mí an Aibreáin 2002. Bhí an céatadán b'airde cúramaithe i Ros Comáin (5.9%) i measc an daonra a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine agus bhí an céatadán ba lú ag Cathair Phort Láirge agus ag Cathair na Gaillimhe (4.1%).

I gcomhréir, bhí níos mó cúramaithe i gceantair tuaithe ná mar a bhí i gceantair uirbeacha.

**Níos mó ban ina gcúramaithe**

B'iad mná níos mó ná 91,000 (nó 61%) de na cúramaithe ar fad agus bhí sa bhreis agus a leath díobh ina gceathrachaidí nó ina gcaogaidí. Tuairiscíodh go raibh breis agus bean i ngach deichniúr san aoisghrúpa 40-59 ina cúramaí.

**Lucht na ngairmeacha cúraim ba mhó**

Bhí an céatadán de dhaoine a bhí ag obair a chuir cúnamh rialta pearsanta gan phá ar fáil do chara nó do bhall den teaghlach le tinneas fadtéarmach, fadhb sláinte nó a bhí faoi mhíchumas níos airde i measc lucht na ngairmeacha cúraim – oibrithe sláinte (7.8%) agus oibrithe sóisialta (7.6%). Bhí an céatadán ard freisin i measc múinteoirí (7.3%).

Bhí dhá thrian den 85,000 daoine a bhí ag obair agus a rinne cur síos orthu féin mar chúramaithe freisin, ag cur cúraim suas le 2 uair an chloig sa lá ar fáil agus bhíodar ag obair sa mheán ar feadh 37 uaire sa tseachtain.

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha, a foilsíodh ar an 15 Deireadh Fómhair 2003, ag leibhéal an Stáit ar shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 - 10 agus 13 de na tuairiscí miona daonáirimh Cuireann foilseachán an lae inniu, Imleabhar 7, figiúirí ar fáil don oideachas agus do cháilíochtaí ag leibhéal níos mione geografaíochta.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne. 4284-4288.
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* *11ú Márta 2004*

**– CRÍOCH–**